2024/1567

30.5.2024

CINNEADH (CBES) 2024/1567 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 23 Bealtaine 2024

lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Comhairleach an Aontais Eorpaigh le haghaidh Athchóiriú na hEarnála Sibhialtaí Slándála san Úcráin (EUAM Ukraine) (EUAM Ukraine/1/2024)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38, an tríú mír, de,

Ag féachaint do Chinneadh 2014/486/CBES ón gComhairle an 22 Iúil 2014 maidir le Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh le haghaidh Athchóiriú na hEarnála Sibhialtaí Slándála san Úcráin (EUAM Ukraine) ([1]), agus go háirithe Airteagal 7 (1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Cinneadh 2014/486/CBES ón gComhairle, údaraítear an Coiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chonradh, na cinntí ábhartha a ghlacadh chun rialú polaitiúil agus stiúradh straitéiseach Mhisean Comhairleach an Aontais Eorpaigh le haghaidh Athchóiriú na hEarnála Sibhialtaí Slándála san Úcráin ('EUAM Ukraine') a fheidhmiú, lena n-áirítear an cinneadh Ceann Misin a cheapadh, ar thogra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála.

(2) An 16 Bealtaine 2023, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2023/1024 ([2]), lena gceaptar Rolf Michael Hay Pereira HOLMBOE mar Cheann Misin EUAM Ukraine ón 12 Meitheamh 2023 go dtí an 31 Bealtaine 2024.

(3) An 14 Bealtaine 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/1353 ([3]) lena gcuirtear síneadh le sainordú an Mhisin go dtí an 31 Bealtaine 2027.

(4) An 17 Aibreán 2024, mhol an tArdionadaí go gcuirfí síneadh le sainordú Rolf Michael Hay Pereira HOLMBOE mar Cheann Misin EUAM Ukraine ón 1 Meitheamh 2024 go dtí an 31 Bealtaine 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, cuirtear síneadh le sainordú Rolf Michael Hay Pereira HOLMBOE mar Cheann Misin Mhisean Comhairleach an Aontais Eorpaigh le haghaidh Athchóiriú na hEarnála Sibhialtaí Slándála san Úcráin (EUAM Ukraine) ón 1 Meitheamh 2024 go dtí an 31 Bealtaine 2025.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 1 Meitheamh 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Bealtaine 2024.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála

An tUachtarán

D. PRONK

([1]) IO L 217, 23.7.2014, lch. 42.

([2]) Cinneadh (CBES) 2023/1024 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 16 Bealtaine 2023 lena gceaptar Ceann Misin Mhisean Comhairleach an Aontais Eorpaigh le haghaidh Athchóiriú na hEarnála Sibhialtaí Slándála san Úcráin (EUAM Ukraine) (EUAM Ukraine/1/2023) (IO L 137, 25.5.2023, lch. 25).

([3]) Cinneadh (CBES) 2024/1353 ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena leasaítear Cinneadh 2014/486/CBES maidir le Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh le haghaidh Athchóiriú na hEarnála Sibhialtaí Slándála san Úcráin (EUAM Ukraine) (IO L, 2024/1353, 15.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1353/oj).